

COMHAR TEORANTA

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ 2015-2016

Is mian linn an tuairisc seo ar obair na cuideachta a chur os comhar na gcomhaltaí.

Cruinnithe an Bhoird

Tionóladh naoi gcruinniú den Bhord Stiúrtha ón gCruinniú Cinn-Bhliana anuraidh:

7 Meán Fómhair 2015

12 Deireadh Fómhair 2015

9 Nollaig 2015

11 Eanáir 2016

15 Feabhra 2016

7 Márta 2016

18 Aibreán 2016

16 Bealtaine 2016

20 Meitheamh 2016

Tá trí chruinniú eile le bheith ag an mBord i mbliana, i mí Meán Fómhair, mí Deireadh Fómhair agus mí na Nollag.

Stiúrthóirí

Níor tháinig aon athrú ar líon na Stiúrthóirí ó bhí Cruinniú Cinn-Bhliana 2015 ann. Ceapadh Fiachra Ó Marcaigh ina Rúnaí Cuideachta agus Ciara Ní Éanacháin ina Rúnaí Taifeadta.

Irisí na cuideachta

Comhar

Lean Seán Tadhg Ó Gairbhí ina Eagarthóir agus Máirtín Coilféir ina Eagarthóir Liteartha i gcaitheamh na tréimhse ar fad, le cuidiú ó Aifric Mac Aodha le hobair liteartha na hIrise ón Nollaig i leith. Meastar gur leanadar freisin ar an ardchaighdeán a bhí bainte amach le bliain roimhe sin maidir le scríbhneoireacht, le héagsúlacht an ábhair agus le críochnúlacht na hIrise. Anuas orthu siúd, aithnítear dúthracht Mark Wickham, dearthóir na hIrise, a bhíonn ag plé freisin le dearadh COMHARÓg.

COMHARÓg

Foilsíodh *COMHARÓg*, arís i rith na bliana faoi eagarthóireacht Áine Ní Ghlinn. Is í an aidhm atá aici daltaí iarbhunscoile a spreagadh le dul i mbun pinn. Tá an tEagarthóir ag obair le hOireachtas na Gaeilge chun ‘ardán’ a thabhairt do bhuaiteoirí chomórtais liteartha na n-óg. Foilseofar dhá eagrán eile roimh dheireadh na bliana.

COMHARTaighde: www.comhartaighde.com

Tháinig *COMHARTaighde* ar an saol i mí na Samhna seo caite, agus an seoladh an chéad eagrán ag an Dr Regina Uí Chollatáin ag deireadh na míosa sin. Ríomhfhoilseachán acadúil piarmheasta do léann na Nua-Ghaeilge atá ann faoi eagarthóireacht Mháirtín Coilféir, Mháirín Nic Eoin, agus Liam Mhic Amhlaigh. Rónán Ó Dochartaigh a chruthaigh an suíomh idirlín chuige agus a fheidhmíonn ina chomhairleoir deartha don ríomhiris. Tá bord stiúrtha *COMHAR* buíoch den bhord comhairleach acadúil rannpháirteach ó ollscoileanna áirithe i gcéin agus i gcóngar, chomh maith leis na piarmheastóirí a léigh na hait, scríbhneoirí na n-alt agus na léirmheasanna.

Beidh an dara heagrán á fhoilsiú i mí Dheireadh Fómhair nuair a chuirfidh Dónall Ó Braonáin, Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, an iris i láthair an phobail ag an gComhdháil ar Litríocht agus Chultúr na Gaeilge 2016, in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Sa dara heagrán, tá réimse alt scolártha ar ábhair a chuimsíonn léann na lámhscríbhinní, an fhoilsitheoireacht agus an chritic i dtréimhse na hAthbheochana, an t-aistriúchán liteartha, an nuafilíocht agus an teangeolaíocht fheidhmeach, chomh maith le léirmheasanna ar leabhair nua-fhoilsithe acadúla. Tá *COMHARTaighde* ar an gcéad fhoilseachán Gaeilge a bhain áit sa Directory of Open Access Journals (DOAJ) amach agus is mór an teist ar pholasaí piarmheastóireachta agus ar pholasaí saor-rochtana na hirise é.

Cistíocht

Faigheann *COMHAR* maoiniú ó Fhoras na Gaeilge de bhun Scéim na nIrisí Clóite. Seo í an dara bliain den chonradh maoinithe (2015-2016-2017). Léiríonn an maoiniú seo cén muinín atá ag an bhForas i mbainistíocht *COMHAR* agus i gcaighdeán an ábhair scríofa a cuirtear ar fáil san iris. Tá an Bord Stiúrtha fíorbhuíoch den Fhoras ina thaobh seo. Fuair *COMHAR* deontas €12,000 ón gComhairle Ealaíon don trí eagrán speisialta a foilsíodh idir Aibreán 2015 – Márta 2016, mar atá: móreagrán filíochta, móreagrán próis dírithe ar scríbhneoirí nua, agus eagrán comórtha ar Mháirtín Ó Cadhain agus a shaothar.

Bainistíocht an Ghnó

Tá Elly Shaw ina Feidhmeannach lán-aimseartha ó 2011 i leith. Rinneadh í a athcheapadh i 2015. Tá cúram na díolaíochta, na cumarsáide agus an riaracháin uirthi.

Láthair gréasáin

Socruithe reatha

Tá dhá sheoladh faoi láthair ag an suíomh idirlín: www.iriscomhar.com agus www.leabhaircomhar.com. Rinneadh leasuithe áirithe chun feabhais leis an suíomh ag deireadh 2015 a bhuíochas do dhearthóirí an tsuímh mar atá: **grafaicí.com**. Anois, bíonn fáil ar alt nó dhó gach mí saor in aisce chun breis síntiúsóirí a mhealladh agus chun córas íocaíochtaí síntiúis ar líne a fheabhsú. Is féidir teacht ar leaganacha den iris ar líne más síntiúsóir thú agus bíonn síntiúis agus cóip den eagrán reatha ar fáil le ceannach freisin. Tá feidhmeanna cumarsáide ag an suíomh a ligeann dúinn aiseolas a fháil ón bpobal. Tá eolas ann ar chatalóg *LeabhairCOMHAR* agus ar na leabhair is nua atá á bhfoilsiú, agus conas iad a chéannacht sa siopa leabhar ar líne.

Socruithe measta: www.comhair.ie

Tá tús curtha ag an mBord Stiúrtha le togra mórshuíomh a chruthú do COMHAR, idir irisí agus tograí foilsitheoireachta eile. Beidh an suíomh seo lonnaithe ag www.comhar.ie. Tá sé á dhearadh ag Ronan Doherty agus beidh sé le seoladh i mí na Nollag 2016.

Na meáin shóisialta

Facebook

Tá COMHAR i láthair ar Facebook le trí bliana anuas agus tá líon na gcairde ag fás gach bliain. Tá 707 cara againn ar an mbun leathanach IrisComhar, agus tá 1590 duine tar éis “like” a thabhairt dúinn. Tá líon suntasach leantóirí anois ag na leathanaigh atá ceangailte leis freisin: *LeabhairCOMHAR* (227) agus *COMHARTaighde* (178). Crochtar eolas faoi na himeachtaí is déanaí atá ar siúl, na leabhair atá á bhfoilsiú agus clúdach na hirise gach mí. Is bealach maith é Facebook chun daoine a threorú chuig an suíomh idirlíon freisin, agus chun aird a tharraingt ar léirmheas nó scéal faoi leith.

Twitter

Tá cuntas Twitter in úsáid go leanúnach chun eolas a scaipeadh maidir le gníomhaireachtaí an chomhlachta. Tá cuntas amháin lárnach ag Comhar Teo agus cuirtear eolas faoi *LeabhairCOMHAR*, ComharÓg agus COMHAR*Taighde* amach ón gcuntas seo. 1284 leantóirí atá ag an gcuntas faoi láthair agus baintear feidhm as go rialta chun aird a tharraingt ar imeachtaí, leabhair agus eagráin nua. Is minic go scaiptear tvuíteanna chuig líon mór léitheoirí nua, go háirithe nuair a cheanglaítear eagraíochtaí nó daoine aonarachais leis an scéal. Is cinnte go bhfuil tábhacht leis mar chóras chun imeachtaí a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar tháirgí nua.

Intéirneachtaí ollscoile agus oifige

Tá naisc déanta ag COMHAR le ranna Gaeilge na n-ollscoileanna agus na gcoláistí agus tá taithí oibre á tairiscint againn do mhic léinn ar an iriseoireacht, margadócht, díolaíocht nó forbairt áiseanna ar líne. Glacadh intéirneachtaí roimhe seo ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath agus An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá COMHAR buíoch de ranna Gaeilge na gColáistí as tacú leis an scéim seo. Chuir na hintéirneachtaí le fuinneamh na hirise ó cuireadh tús leis an scéim agus meastar go bhfuil tairbhe le baint ag na mic léinn aisti freisin.

Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge agus www.portraidi.ie

Tá COMHAR ag obair i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge le leabhar eisceachtúil (*Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*); agus láithreán gréasáin spleodrach (www.portraidi.ie) a sheoladh os comhair an phobail Dé Céadaoin 22 Meitheamh. Is é an tOllamh Declan Kiberd (Ollscoil Notre Dame) a sheoladh.

Sa chnuasach álainn lán-daite seo, foilseofar portráidí de 107 de na scríbhneoirí is aitheanta i saol na Gaeilge, idir údair liteartha agus scríbhneoirí acadúla, ar tógadh a bportráidí idir 2009-2013, ag Máire Uí Mhaicín d'Fhoras na Gaeilge. Cuimsítear filí, úrscéalaithe, gearrscéalaithe, scríbhneoirí béaloidis, scríbhneoirí do pháistí, scoláirí léinn agus scríbhneoirí ó sheánraí liteartha eile. Cuirfear beathaisnéis agus, de réir mar a oireann, sliocht dá saothar go tánaisteach leo. Mar sin féin, beidh béim faoi leith ar an bportráidíocht ealaíonta iontu a léiríonn daonnacht na scríbhneoirí céanna. Cuirfear réamhrá agus sleachta cuimhní cinn leis an leabhar freisin, agus beidh an láithreán gréasáin inchoardaithe ina áis luachmhar do shaol na Gaeilge anois agus sa todhchaí.

Foilseachán stairiúil i mbliain stairiúil a bheidh ann; ceiliúradh ar an oidhreacht liteartha atá curtha ar fáil ag na scríbhneoirí seo don teanga, agus is cúis áthais do COMHAR gur scríbhneoirí iad ar foilsíodh ábhar lena bhformhór acu ar leathanaigh na hirise míosúla *Comhar* thar na blianta. Tá saothar mór curtha isteach ag Ursula Ní Choill ina bhainisteoir tionscadail agus Ronan Doherty ina dhearthóir ar an suíomh agus ar an leabhar.

Céim 1: cuirtear an leabhar agus an láithreán ar fáil bunaithe ar an gcartlann reatha.

Céim 2: cuirfear portráidí dá bhfuil ann de scríbhneoirí eile na Gaeilge sna seánraí éagsúla leis an gcartlann seo go bliantúil chun an chartlann a iomlánú thar am.

Inphrionta *Leabhair*COMHAR

Ceapadh Ursula Ní Choill ar tháille ina hEagarthóir Coimisiúnaithe Leabhar i mí Dheireadh Fómhair i gcomharbacht ar Chaitríona Ní Dhúnáin (a d'imigh agus tairiscint faighte de shaothar lánaimseartha leis an leabharlann náisiúnta). Athcheapadh í i gcúram méadaithe ag tús mhí Aibreáin ar chonradh bliana.

Foilsíodh na leabhair seo a leanas i 2015 le tacaíocht airgid ó Chlár na Leabhar Gaeilge/Foras na Gaeilge/An Chomhairle Ealaíon nó le tacaíocht ó Choiste Léann na Gaeilge in Acadamh Ríoga na hÉireann:

Tírdhreacha le Colm Breathnach (Téad na Filíochta)

Cathair an Tíogair le Feargal Ó Dubhghaill (Foghlaimoír Fásta)

Bóthar na Rós le hÓrna Ní Choileáin (Foghlaimoír Fásta)

Litríocht na Gaeilge ar Fud an Domhain Iml. I & II

Foilseofar na leabhair seo a leanas i mbliana:

Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir Aistí in Ómós don Ollamh Nollaig Mac Congáil
Eagarthóirí: John Walsh agus Peadar Ó Muircheartaigh

Sna Nuachtáin le Déaglán de Breadún (Doras Feasa)

Muiris le hAilbhe Ní Ghearbhuigh (Saol agus Saothar)

Hata Oisín le hÁine Ní Ghlinn (An Saol Óg)

Calóg Shneachta i dTine na Gréine le Pól Ó Cainín (Foghlaimoír Fásta)

Foghlai Mara Monte Carlo le hOrna Ní Choileáin (An Saol Óg)

Alan Titley le Máirtín Coilféir

Ócáid Cheiliúrtha na Nollag

Tionóladh ócáid mhór na Nollag i dTeach Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath Dé Luain 7 Nollaig. Bá é Grúpcheannasaí na Gaeilge in RTÉ, Ronán Mac an Iomaire, a bhí ina aoi.

Buíochas

Gabhann stiúrthóirí COMHAR buíochas le:

- Foireann COMHAR:
 - Elly Shaw, as gach aon ní a dhéanann sí do COMHAR Teo;
 - Ursula Ní Choill & Caitríona Ní Dhúnáin, a stiúraigh inphrionta *Leabhair*COMHAR;
- Páirtneirí maoinithe COMHAR:
 - Foras na Gaeilge;
 - An Chomhairle Ealaíon;
 - An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta;
 - Coiste Léann na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann;
- Daithí Ó Maolchoille, a rinne iniúchadh ar na cuntais;
- Ronan Doherty a chomhoibrigh linn ar thógraí éagsúla teicniúla i gcaitheamh na bliana;
- *Comhar*: Seán Tadhg Ó Gairbhí, Eagarthóir, agus Máirtín Coilféir, Eagarthóir Líteartha, Mark Wickham, Dearthóir, agus Johnswood Press, Clódóirí, agus na scríbhneoirí a bhíonn ag plé leis an iris;
- *COMHARÓg*: Áine Ní Ghlinn, Eagarthóir agus Mark Wickham, Dearthóir;
- *COMHARTaighde*: Máirín Nic Eoin agus Máirtín Coilféir, eagarthóirí;
- *Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge*: Deirdre Davitt, Breandán Mac Craith, Anna Davitt agus teaghlach Mháire Uí Mhaicín.
- Na scríbhneoirí, léitheoirí, cóipeagarthóirí, dearthóirí agus clódóirí éagsúla a bhí ag plé le *Leabhair*COMHAR.

Stiúrthóirí COMHAR Teoranta
20 Meitheamh 2016